

AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN nGLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE LE HAGHAIDH BAILL

FOIRNE AR CONRADH

- (1) Ar leathanach 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 4.5 'Trialacha roghnúcháin a eagraíonn EPSO', míreanna (10)-(12):
 - '(10) Déanfar modh réachtála na dtrialacha, mar aon leis na sonraí agus na treoracha riachtanacha eile a shonrú sna cuirí.
 - (11) Ní mór d'iarrthóirí na trialacha a chur in áirithe de réir na dtreoracha a gheobhaidh siad ó EPSO, má iarrtar orthu sin a dhéanamh agus nuair a iarrfar orthu é. Bíonn teorainn leis na tréimhsí cur in áirithe agus leis na tréimhsí tástála.
 - (12) Ní mór d'iarrthóirí gach beart riachtanach a dhéanamh a bhfuil tagairt dó sna treoracha a eisíodh roimh na trialacha, cuir i gcás bogearraí a shuiteáil, an sioncrónú/na sioncrónuithe riachtanacha a dhéanamh, triail nascachta a dhéanamh, triail ar réamhriachtanais theicniúla, seiceáil córas agus/nó triail bhréige a dhéanamh. Má chloítear leis na treoracha, beifear in ann ullmhacht thimpeallacht TF an iarrthóra agus comhoiriúnacht ghléas an iarrthóra don ardán tástála nó don fheidhmchlár a sheiceáil. Mura gcuirfear na céimeanna éigeantacha i gcrích, is féidir go gcuirfear cosc ar an iarrthóir na trialacha a dhéanamh agus cuirfear bac ar chumas sholáthraí réachtála na dtrialacha aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar aon fhadhb theicniúil a bheidh ag an iarrthóir le linn na tástála.
 - (13) I gcás ina mbeidh ceann amháin nó níos mó de na trialacha nár chuir an t-iarrthóir in áirithe, de réir mar is infheidhme, nó nach ndearna sé, agus/nó nár chríochnaigh sé, measfar go bhfuil deireadh lena rannpháirtíocht sa tréimhse thástála atá ar bun, ach amháin más féidir leis an iarrthóir a chruthú gur tosca nach raibh neart aige orthu, nó cás *force majeure*, faoi deara dó gan an triail a chur in áirithe, a dhéanamh agus/nó a chríochnú. Ba cheart dó dul i dteagmháil le EPSO tríd an bhfoirm [theagmhála ar líne](#) agus na treoracha atá ceangailte den chuireadh a leanúint. Ní mór do na hiarrthóirí an bonn cirt is gá a sholáthar, agus, de réir mar is infheidhme, cruthúnas go ndeachaigh siad i dteagmháil leis na seirbhísí tacaíochta teicniúla.
 - (14) Mura gcloífear leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme i ndáil le tástáil atá sonraithe sna treoracha agus san eolas a cuireadh ar fáil d'iarrthóirí, ní mheasfar gur toisc é sin nach bhfuil neart ag an iarrthóir air ná gur cás *force majeure* é.
 - (15) An t-iarrthóir nach gcuirfidh na trialacha in áirithe, nach ndéanfaidh iad agus/nó nach gcríochnóidh iad, ní bhfaighidh sé an dara cuireadh go huathoibríoch. Os a choinne sin, beidh iarratas an iarrthóra bailí fós ar choinníoll go ndeimhneoidh sé go bhfuil spéis aige san iarratas lena mbaineann nó go dtabharfaidh sé cothrom le dáta é gach 6 mhí ar a laghad. Is féidir go dtabharfar an dara cuireadh don iarrthóir triail a chur in áirithe má réamhroghnaíonn aon seirbhís earcaíochta arís é.
 - (16) Iarrtar ar iarrthóirí freisin féachaint ar [shuíomh gréasáin EPSO](#) chun cur amach níos fearr a fháil ar phróisís roghnúcháin EPSO, na ceanglais ghinearálta is infheidhme maidir le tástáil san áireamh.'

(2) I Roinn 8.1 'Fadhbanna teicniúla agus eagraíochtúla' léitear mar seo a leanas:

'(1) Má bhíonn mórfhadhb theicniúil nó eagraíochtúil ag iarrthóir ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin, ba cheart dó EPSO a chur ar an eolas faoi sin tríd an bhfoirm [theagmhála ar líne](#).

(2) Má thagann fadhb chun cinn le linn na dtrialacha, ní mór don iarrthóir an dá rud seo a dhéanamh:

(a) an fhadhb a thuairisciú láithreach de réir na dtreoracha atá leagtha amach sa chuireadh/sna cuirí chun an trialach/na dtrialacha,

agus

(b) laistigh de **lá féilire amháin** (i.e. faoi dheireadh an lae tar éis lá na dtrialacha atá i gceist), dul i dteagmháil le EPSO tríd an bhfoirm [theagmhála ar líne](#) agus cur síos mionsonraithe ar an bhfadhb a thabhairt dó. Ba cheart don iarrthóir cruthúnas ar iarracht(aí) an fhadhb a réiteach (mar shampla, uimhir thicéid ón deasc chabhreach nó ón tacaíocht theicniúil, tras-scríbhinní ó chomhrá ar líne, tuairisc fabhtcheartaithe, etc.) a chur i gceangal freisin. Tá gá leis an gcruthúnas doiciméadach sin ionas go mbeidh EPSO in ann an cás a fhiosrú. Is féidir go mbeidh ceanglais agus treoracha breise a bhaineann le tuairisciú fadhbanna a tháinig chun cinn le linn na tástála sonraithe sna cuirí chun na dtrialacha.

Tá feidhm leis an oibleagáid EPSO a chur ar an eolas i ngach cás, fiú más rud é go ndearna soláthraí réachtála na dtrialacha beart mar gheall ar an ngearán ón iarrthóir.

(3) Gearáin a gheofar tar éis an sprioc-ama atá sonraithe i mír 2(b) den Roinn seo, measfar iad a bheith do-ghlactha.

(4) Gearáin faoi shaincheisteanna teicniúla a chuirfidh iarrthóirí nár chríochnaigh na céimeanna a bhfuil tagairt dóibh in míreanna (11)-(14) de Roinn 4.5 'Trialacha roghnúcháin a eagraíonn EPSO', measfar iad a bheith do-ghlactha ach amháin más féidir leis an iarrthóir a chruthú gur tosca nach raibh neart aige orthu, nó cás *force majeure*, faoi deara dó gan na céimeanna riachtanacha a chur i gcrích.

(5) Éilimh a dhéanfar i gcomhthéacs gearán a bhfuil tagairt dóibh i Roinn 8.3 'Gearáin riaracháin' ar bhonn fadhbanna teicniúla agus/nó eagraíochtúla a mhaífead a bhí ann agus nár tuairiscíodh i gcomhréir leis an roinn seo, agus í á léamh in éineacht le Roinn 4.5, measfar iad a bheith do-ghlactha.'